Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2023
(OR. en)

10607/23

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2023/0076(COD)
2023/0077(COD)

ENER 358
ENV 687
CLIMA 304
COMPET 621
CONSOM 232
FISC 126
CODEC 1123

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7435/23 +ADD1<br>7440/23 +ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil mhargaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Márta 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh an Rialacháin chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (EMD), agus le haghaidh an Rialacháin chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil mhargaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh (REMIT).

2. Leanann na tograí sin na praghsanna agus an luaineacht an-ard sna margaí leictreachais a tugadh faoi deara in 2021 agus 2022, agus tá siad bunaithe ar thrí cholún – tomhaltóirí a chosaint, cobhsaíocht agus intuarthacht chostais an fhuinnimh a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, cur le hiomaíochas gheilleagar an Aontais, agus chun borradh a chur faoin infheistíocht nua fuinnimh.

## II. STAID NA hIMEARTHA

1. Sa dara cuid de mhí an Mhárta 2023, chuir Uachtaránacht na Sualainne tús leis an gcaibidlíocht maidir leis na tograí sa Mheitheal um Fhuinneamh. Bunaithe ar thorthaí an phlé sin, thíolaic an Uachtaránacht 5 athbhreithniú ar EMD agus ar REMIT araon.

2. Rinneadh an obair ar an dá thogra ar bhealach brostaithe le roinnt míonna anuas, agus phléigh na hairí í freisin ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 28 Márta 2023 sa Bhruiséil, a bhí ina threoir le haghaidh tuilleadh oibre.

3. Pléadh na tograí freisin i gCoiste na mBuanionadaithe an 31 Bealtaine agus díríodh go príomha ar chonarthaí dhá threo le haghaidh difríochtaí, géarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais a fhógairt agus sásraí acmhainneachta. Chuir an Coiste treoir pholaitiúil ar fáil don Uachtaránacht agus leag sé amach treoir le haghaidh tuilleadh oibre.

4. Ba cheart an 5ú hathbhreithniú reatha mar a leagtar amach in 10605/23 agus 10606/23 a bheith mar bhonn leis an gCur Chuige Ginearálta. Marcáiltear téacs nua le **<u>cló trom agus líne faoi</u>** agus léirítear téacs a scriosadh le [...]; marcáiltear téacs ó leasuithe roimhe seo le **<u>cló trom</u>** agus léirítear téacs a scriosadh le ***[...]***

## III. AN OBAIR A RINNEADH I bPARLAIMINT NA hEORPA AGUS I gCOMHLACHTAÍ EILE DE CHUID AN AONTAIS

1. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) ceannaire an dá chomhad. Is é an Feisire Nicolás González Casares (S&D, an Spáinn) an rapóirtéir a ceapadh do EMD agus is í an Feisire Maria da Graça Carvalho (PPE, an Phortaingéil) an Feisire i gcás REMIT. Ba cheart don Pharlaimint an dá thuarascáil a ghlacadh i mí Mheán Fómhair 2023.

2. Níl a dtuairimí curtha in iúl go fóill ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ná ag Coiste na Réigiún.

## IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN TOGRA COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

1. Thacaigh na Ballstáit leis an mbealach ar léiríodh an díospóireacht i gCoiste na mBuanionadaithe agus an plé laistigh den Mheitheal um Fhuinneamh le linn na hoibre ar na ceithre athbhreithniú ar an dá thogra.

2. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus soiléireachta, déanfar Airteagal 2 agus Airteagal 3 den Rialachán atá beartaithe maidir leis an Margadh Leictreachais, lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944, a dheighilt ón Rialachán sin agus déanfar Treoir neamhspleách díobh. Is coigeartú dlíthiúil agus teicniúil é seo nach ndéanann difear d'fhorálacha substaintiúla na dtograí.

3. Is féidir na hathruithe is suntasaí a achoimriú mar a leanas:

**Maidir le EMD:**

1. In Airteagal 7a den Rialachán, an buaictháirge bearrtha a fhéadfaidh na Ballstáit a sholáthar agus a ghníomhachtú chun laghdú ar an éileamh ar leictreachas a bhaint amach le linn na mbuaicuaireanta, tá sé nasctha le hAirteagal 66a den Treoir lena leagtar amach an dearbhú maidir le géarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó uile-Aontais. Beidh an táirge teoranta d'fhad géarchéim praghsanna de bhun Airteagal 66a(2).

2. In Airteagal 7b den Rialachán, ní fhéadfaidh oibreoirí córais tarchurtha (OCTanna) ná oibreoirí córais dáileacháin (OCDanna) na sonraí ó fheistí tiomnaithe tomhais a úsáid ach amháin má thoilíonn an custaiméir deiridh leis sin. I gcás nach mbeidh méadar cliste suiteáilte ag custaiméir deiridh, nó i gcás nach soláthróidh méadar cliste custaiméara deiridh na sonraí is gá chun freagairt ar an éileamh nó seirbhísí solúbthachta a sholáthar, glacfaidh OCTanna agus OCDanna leis na sonraí ó fheiste tiomnaithe tomhais, i gcás ina mbeidh siad ar fáil.

3. De réir Airteagal 8 den Rialachán, beidh am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae 30 nóiméad roimh an bhfíor-am ar a luaithe faoin 1 Eanáir 2026. Féadfaidh údarás rialála Ballstáit ar leith, áfach, maolú ar an gceanglas sin a dheonú, arna iarraidh sin don OCT ábhartha, go dtí an 1 Eanáir 2029 ar a dhéanaí, faoi réir measúnú tionchair agus plean gníomhaíochta chun am dúnta an gheata thraslimistéir ionlae a ghiorrú go 30 nóiméad. Féadfar síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an maolú sin, faoi réir plean gníomhaíochta agus measúnú tionchair athbhreithnithe. Faoin 1 Eanáir 2032 ar a dhéanaí, 30 nóiméad ar a luaithe a bheidh in am dúnta an gheata thraschreasaigh ionlae.

4. Maidir le hAirteagal 9 den Rialachán, tá cur chun feidhme na mol fíorúil réigiúnach faoi réir measúnú tionchair anois. Tar éis measúnú den sórt sin a dhéanamh, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcuirfear chun feidhme dearadh mhargadh tosaigh an Aontais bunaithe ar mhoil fhíorúla réigiúnacha agus lena dtacófar le cearta tarchurtha fadtéarmacha ar a laghad arna n-eisiúint ag na OCTanna. Áireofar sa ghníomh cur chun feidhme sin, *inter alia*, modheolaíocht chun raon feidhme geografach na mol fíorúil réigiúnach a shainiú, agus modheolaíocht chun na praghsanna tagartha do na moil fhíorúla réigiúnacha a ríomh.

5. Maidir le hAirteagal 19 den Rialachán, soiléiríodh go mbaineann cúiteamh i ngeall ar acmhainneacht laghdaithe na n-idirnascairí d’oibreoirí gléasraí giniúna leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta i gcrios tairisceana amach ón gcósta le hoibreoirí gléasraí atá nasctha go díreach le dhá chrios tairisceana nó níos mó. ní rachaidh an cúiteamh sin thar an ioncam iomlán ó phlódú a ghintear ó idirnascairí idir na criosanna tairisceana amach ón gcósta lena mbaineann ar bhonn bliantúil.

6. De réir Airteagal 19a den Rialachán, déanfaidh na Ballstáit glacadh na gComhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (PPAnna) a chur chun cinn trí bhacainní gan údar agus nósanna imeachta nó muirir dhíréireacha nó idirdhealaitheacha a bhaint. Soiléiríodh freisin go bhféadfadh scéimeanna ráthaíochta arna dtacú ag an stát ag praghsanna margaidh, ráthaíochtaí príobháideacha, nó comhthiomsú éilimh ar PPAnna a bheith san áireamh in ionstraimí chun glacadh PPAnna a chur chun cinn, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

7. Maidir le hAirteagal 19b den Rialachán, soiléiríodh go mbeidh feidhm ag conarthaí difríochta dhá threo maidir le hinfheistíochtaí nua atá dírithe ar shaoráidí giniúna cumhachta atá ann cheana a athchumhachtú go suntasach, a mhéadú nó a saolré a fhadú. Chun freastal ar na tionscadail atá ar na bacáin sna Ballstáit faoi láthair, cuireadh isteach an idirthréimhse iomchuí, i.e. ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo ach amháin maidir le conarthaí faoi scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh le haghaidh infheistíochtaí nua giniúna a thabharfar i gcrích amhail ó 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. 5 bliana atá i gceist leis an idirthréimhse le haghaidh sócmhainní hibrideacha eischósta atá nasctha le dhá chrios tairisceana nó níos mó. Maidir le dáileadh na n-ioncam a eascraíonn as conarthaí difríochta, tá an chothromaíocht cheart idir solúbthacht a dheonú do na Ballstáit agus ioncam a thabhairt ar ais do chustaiméirí deiridh íogair. Coinnítear an phríomhriail go ndáilfear ioncam ar chustaiméirí deiridh, ach féadfaidh na Ballstáit iad a úsáid freisin chun costais na scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh nó infheistíochtaí a mhaoiniú chun costais leictreachais do chustaiméirí deiridh a laghdú. An sciar den ioncam a dháilfear ar chustaiméirí deiridh ar gnóthais iad, ní sháróidh sé sciar comhcheangailte thomhaltas leictreachais na ngnóthas uile. Beidh an t-athdháileadh gan dochar freisin do na rialacha maidir le státchabhair a leagtar amach in Airteagal 107 agus 108 CFAE. Ar deireadh, cuireadh san áireamh díolúine do shuiteálacha fuinnimh in-athnuaite ar mhionscála agus tionscadail taispeántais.

8. Maidir leis na forálacha solúbthachta sa Rialachán:

- Ar an iomlán, neartaíodh agus soiléiríodh na naisc idir na forálacha solúbthachta in Airteagail 19c-19f.

- In Airteagal 19c den Rialachán, sonraíodh a thuilleadh ábhar na tuarascála maidir leis na riachtanais a bhaineann le solúbthacht an chórais agus soiléirítear leis gur féidir le húdarás nó eintiteas eile, arna ainmniú ag Ballstát, seachas NRA an tuarascáil a ghlacadh agus go bhféadfaidh siad iarraidh ar OCTanna agus ar OCDanna ionchur a sholáthar. Cuirfear san áireamh ann an Measúnú Eorpach ar Leordhóthanacht Acmhainní agus na measúnuithe náisiúnta leordhóthanachta. Ina theannta sin, déanfar meastóireacht sa tuarascáil, ar a laghad, ar bhacainní ar sholúbthacht sa mhargadh agus molfar bearta maolaithe ábhartha.

- In Airteagal 19a den Rialachán, tá an cuspóir náisiúnta táscach anois do sholúbthacht neamh-iontaise agus beidh sé bunaithe ar an tuarascáil de bhun Airteagal 19c. Féadfaidh na Ballstáit cuspóirí táscacha sealadacha a shainiú freisin sula dtíolacfar an tuarascáil den chéad uair.

- In Airteagal 19e den Rialachán, féadfaidh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta solúbthachta neamh-iontaise a chur i bhfeidhm arb é atá iontu íocaíochtaí don acmhainn atá ar fáil i gcás nach leor infheistíochtaí i solúbthacht neamh-iontaise chun an cuspóir náisiúnta táscach a shainaithnítear in Airteagal 19a a bhaint amach. Ní chuirfidh sé sin cosc ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar a gcuid cuspóirí táscacha ar bhealaí eile.

9. Maidir le sásraí acmhainneachta, chuir na Ballstáit in iúl gur gá an nós imeachta formheasa a chuíchóiriú. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhí ag na Ballstáit cuireadh clásal athbhreithnithe isteach, ionas go dtíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil mhionsonraithe, tráth nach déanaí ná aon mhí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ina ndéanfar measúnú ar na féidearthachtaí maidir leis na próisis faoi Chaibidil IV a chuíchóiriú agus a shimpliú. Sa chomhthéacs sin, iarrfaidh an Coimisiún ar an nGníomhaireacht leasú a dhéanamh ar an modheolaíocht don mheasúnú Eorpach ar leordhóthanacht acmhainní de réir mar is iomchuí. Ina theannta sin, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún tograí ar aghaidh d’fhonn simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun sásraí acmhainne a mheasúnú de réir mar is iomchuí.

10. Mar sin féin, maidir le sásraí acmhainneachta, d'iarr na Ballstáit le linn na caibidlíochta ar fad deireadh a chur le cineál sealadach agus tagairt na sásraí acmhainneachta mar rogha dheiridh. Gan beann ar an ngá atá le saobhadh ar an iomaíocht agus ar an margadh inmheánach a theorannú, aithnítear sna téacsanna atá beartaithe gur féidir ról tábhachtach a bheith ag sásraí acmhainneachta chun leordhóthanacht acmhainní a áirithiú, go háirithe le linn an aistrithe i dtreo córas saor ó charbón. Sa chomhthéacs sin, tugtar isteach leis an téacs an fhéidearthacht a iarraidh ar an gCoimisiún síneadh teoranta a chur leis na maoluithe ón teorainn astaíochtaí CO2 i sásraí acmhainne mar gheall ar shaincheisteanna maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh.

11. In Airteagal 64 den Rialachán, Airteagal 66 den Treoir agus aithris (53b), deonaíodh maoluithe nua don Eastóin, don Laitvia agus don Liotuáin maidir lena margaí don chothromú. Ós rud é go bhfuil siad ag brath ar limistéar sioncrónach na Rúise le haghaidh bainistiú minicíochta, ní raibh na tíortha Baltacha in ann margadh cothromúcháin dílis feidhmiúil a fhorbairt. Tá méadú tagtha ar an mbaol a bhaineann le slándáil an tsoláthair do na tíortha Baltacha mar gheall ar chogadh foghach na Rúise. Dá bhrí sin, d'fhonn a margadh féin don chothromú a fhorbairt, agus nasc le Mór-roinn na hEorpa, beidh na tíortha Baltacha díolmhaithe, ar feadh tréimhse áirithe ama, ó cheanglais áirithe a bhfuil feidhm acu maidir leis na margaí don chothromú atá ann cheana.

12. Le hAirteagal 66 agus le haithris chomhfhreagrach 53g tugtar isteach maoluithe don Chipir ar Airteagail 40(4) agus 54(2), go dtí go mbeidh an córas tarchurtha sa Chipir nasctha le córais tarchurtha Ballstát eile trí idirnascadh.

13. Maidir le forálacha tomhaltóirí sa Treoir:

- Soiléirítear le haithris (46) gur cheart cead a bheith ag custaiméirí níos mó ná pointe méadraithe agus billeála amháin a chumhdach leis an bpointe nasctha aonair dá n-áitreabh. Sa chás sin, tugadh níos mó solúbthachta do na Ballstáit chun na rialacha sin a chinneadh ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, cuireadh isteach an fhéidearthacht córais méadraithe chliste a úsáid a d'fhéadfadh níos mó ná pointe méadraithe amháin a chumhdach go díreach.

- In Airteagal 11d agus in aithris (44), cuireadh isteach go bhféadfaidh na Ballstáit soláthróirí nach dtairgeann ach conarthaí praghsála dinimiciúla a dhíolmhú ón oibleagáid praghas seasta agus conarthaí ar théarma seasta a thairiscint, ar choinníoll nach mbeidh tionchar diúltach aige sin ar iomaíocht agus go gcoinníonn sé rogha leordhóthanach de chonarthaí praghsanna seasta ar théarma seasta.

- In Airteagal 15a agus in aithris (51) maidir le comhroinnt fuinnimh, rinneadh soiléiriú ar na freagrachtaí maidir le cothromú idir custaiméirí gníomhacha. Ina theannta sin, tá feidhm ag cearta agus oibleagáidí uile na dtomhaltóirí a leagtar amach maidir le custaiméirí deiridh a bhfuil baint acu le scéimeanna comhroinnte fuinnimh. Thairis sin, soiléiríodh go bhfuil coincheap na comhroinnte fuinnimh gan dochar do na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le soláthróirí a údarú.

- In Airteagal 27a agus in aithris (48), soiléiríodh nach gcuireann an treoir seo isteach ar scéimeanna soláthraithe na rogha deiridh atá ann cheana. Ar an gcaoi sin, i gcás ina mbeidh soláthróir na rogha deiridh ceaptha ag Ballstát cheana féin roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ní gá nós imeachta nua a reáchtáil chun soláthróir na rogha deiridh a cheapadh. Anuas air sin, is féidir soláthróir na rogha deiridh a cheapadh sula dteipfidh ar an soláthróir nó tráth a theipeann air.

- In Airteagal 66a agus aithris (53), tugadh níos mó discréid nós imeachta don Chomhairle chun a chinneadh cathain a tharlaíonn géarchéim praghsanna leictreachais. Ba cheart don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme cén uair a bhfuil géarchéim praghsanna leictreachais réigiúnach nó ar fud an Aontais ann agus ba cheart a shonrú leis an gcinneadh freisin a bhailíocht in am, a d'fhéadfadh a bheith suas le haon bhliain amháin. Maidir leis na truicir, coinníodh critéir an mhargaidh mórdhíola den chuid is mó de réir an togra ón gCoimisiún, ach tugtar isteach féidearthacht chun amanna praghsanna neamhghnácha a eisiamh agus praghsanna an-ard á ríomh. Ag an am céanna, rinneadh critéir an mhargaidh mhiondíola níos solúbtha, ar thaobh amháin trí raon a thabhairt isteach do leibhéal na méaduithe géara ar phraghsanna miondíola leictreachais, ar an taobh eile tríd an measúnú réamhbhreathnaitheach ar cé chomh fada a mheastar a mhairfidh na praghsanna sin a laghdú ó 6 mhí go 3 mhí. Ar deireadh, cuirtear isteach sásra chun síneadh a chur le géarchéim praghsanna réigiúnach nó uile-Aontais, a bheidh faoi réir measúnú ón gCoimisiún agus togra ón gCoimisiún.

- Maidir le tréimhse thrasuí na treorach, coinnítear riail ghinearálta na 6 mhí i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, tugadh isteach tréimhse 24 mhí le haghaidh Airteagal 4 maidir le saor-rogha soláthróra agus Airteagal 15a maidir le comhroinnt fuinnimh chun próisis chur chun feidhme na mBallstát a éascú.

**Maidir le REMIT:**

a) In Airteagal 2(20a), agus aithris (10), cuireadh isteach sainmhíniú ar 'leabhar orduithe' arna iarraidh sin ag roinnt toscaireachtaí chun an togra a shonrú a thuilleadh.

b) In Airteagal 4a agus in Airteagal 9a, agus in aithrisí (11) agus (12), maidir le hArdáin Faisnéise ón Taobh Istigh (IIPanna) agus Sásraí Tuairiscithe Cláraithe (RRManna), cuireadh isteach gur cheart é a bheith de chumhacht ag an nGníomhaireacht údarú a tharraingt siar i gcásanna áirithe. Ina theannta sin, tugadh de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun cur chun feidhme na bhforálacha maidir le RRManna agus IIPanna a shoiléiriú a thuilleadh. Mar gheall air sin, ní bheidh feidhm ag na hairteagail sin go dtí go mbeidh na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha glactha ag an gCoimisiún.

c) In Airteagal 9 agus aithris (18a), athraíodh an ceanglas atá ar rannpháirtithe sa mhargadh san Aontas atá ina gcónaí nó bunaithe i dtríú tír. Ceanglaítear anois ar na rannpháirtithe sin sa mhargadh ionadaí a ainmniú sa Bhallstát sin ina bhfuil siad gníomhach in ionad oifig a dhearbhú, chun níos mó soiléireachta a chur ar fáil do na Ballstáit.

d) Maidir le hAirteagal 13, féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) a cumhachtaí a fheidhmiú i ndlínse na mBallstát ach amháin má dhéanann an t-údarás rialála náisiúnta agóid ar an bhforas go ndearna sí imscrúdú a oscailt go foirmiúil nó go bhfuil imscrúdú á dhéanamh aici ar na fíorais chéanna, nó go bhfuil imscrúdú déanta aici ar na fíorais chéanna agus gur chinn sé gurb ann do shárú nó nach ann do shárú. Cuirfidh ACER an t-údarás rialála náisiúnta agus údaráis eile lena mbaineann ar an eolas sula ndéanfaidh sé sin. Féadfaidh ACER a cumhachtaí a fheidhmiú i gcás nach ndéanann an t-údarás rialála náisiúnta na bearta is gá chun an iarraidh ó ACER a chomhlíonadh i gcásanna a bhfuil tionchar trasteorann acu. Tar éis di a himscrúdú a chríochnú, déanfaidh ACER tuarascáil ar imscrúdú a tharraingt suas ina leagfar amach a dtorthaí.

e) Mar sin féin in Airteagal 13, cuireadh isteach go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht a cumhachtaí a fheidhmiú, gan dochar do mhír 3a, má iarrann an t-údarás rialála náisiúnta inniúil uirthi a cumhachtaí a fheidhmiú maidir le gníomhartha a bhfuil tionchar trasteorann acu.

f) In Airteagal 13a, a bhaineann le hiniúchtaí ar an láthair arna ndéanamh ag ACER, soiléiríodh go ndéanfar na iniúchtaí a ullmhú agus a dhéanamh i ndlúthchomhar agus i gcomhordú leis na húdaráis náisiúnta. Tugadh tuilleadh mionsonraí ar chumhachtú iniúchtaí ACER ar an láthair chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar. Cuireadh in iúl freisin nach bhféadfar iniúchtaí ar an láthair ar áitreabh príobháideach a dhéanamh gan údarú a fháil roimh ré ó údarás breithiúnach.

g) Neartaíodh Airteagal 13c maidir le ráthaíochtaí nós imeachta imscrúduithe ACER trí mhionsonraí a thabhairt maidir leis an gceart atá ag na daoine ar a dhéanann sí imscrúdú barúil a thabhairt ar fhíorais a bhaineann leo sula nglacfaidh ACER an tuarascáil ar imscrúdú de bhun Airteagal 13.

h) Soiléiríodh in Airteagal 16b go bhfuil treoirlínte agus moltaí na Gníomhaireachta neamhcheangailteach, agus nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann faisnéis a fhoilsiú faoi cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann údarás rialála náisiúnta na treoirlínte nó na moltaí.

i) In Airteagal 18 agus aithris (18), rinneadh athruithe chun a áirithiú go gcuirfear fíneálacha riaracháin i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí ar fud na mBallstát. Chun é sin a bhaint amach, cuireadh san áireamh liosta critéar lena gcinntear na fíneálacha riaracháin sin agus a leibhéal. Ina theannta sin, tugadh níos mó solúbthachta do na Ballstáit trí dheis a thabhairt isteach fíneálacha níos ísle a shocrú a bheidh le cinneadh de réir an cháis. I gcásanna nach bhforáiltear i gcóras dlí Ballstáit d’fhíneálacha riaracháin, cuireadh isteach na nósanna imeachta freisin.

## V. CONCLÚIDÍ

1. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht a ghlacadh, mar a leagtar amach in: 10605/23 agus 10606/23, aon saincheisteanna atá fós gan réiteach agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an chruinnithe a réiteach agus teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta na Comhairle, i bhfianaise na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa atá ar na bacáin.